Do ARAID DONN

Thug Údaráis Áitiúla Lár na Tíre isteach Fo-Dhlite Fuíoll a imlíníonn conas go gcaithfidh fuíoll teaghlaigh, le hábhair in-athchúrsáilte san áireamh agus bith-fhuíoll (fuíoll bia agus gairdín), a bheith curtha in oiriúint le haghaidh iad a bhailiú.

Mar chuid des na Fo-Dhlite seo, beidh ARAID DONN seachadta chuig do dhoras le linn na chéad cúpla seachtaine eile ag do bhailitheoir fhuíoll. Glacfaidh an Araid Donn seo le bith-fhuíoll, mar fhuíoll bia agus gairdín.

Cad nach féidir liom a chur isteach san Araid Donn?

- Luath, gual agus luaithreamháin
- Olaí Cócaireachta
- Carraigeacha, Plaisteach, Miotal
- Gloine/Prócaí
- Scragall Stáin
- Rapair milseán/brioscáin
- Bolgáin soilse, Cadhnraí agus earraí aibhléise
- Éadaí/Teicstílí
- Leigheasanna
- Clúidíní/Earraí Sláintíochta
- Feadáin taos fiacla
- Aon earraí go nglactar leo i d'araid athchúrsála

Earraí nach glactar leo i do ARAID BRUSCAIR GINEARÁLTA:

- FUÍOLL GUAISEACH mar olaí, cadhnraí, leigheasanna, cannaí aerasól, péinteanna. Glacann roinnt ionad athchúrsála leis na hearraí seo – faigh amach ó do Chomhairle áitiúil.
- ÁBHAIR IN-ATHCHÚRSÁILTE TIRIM mar páipéar, cairtchlár, cannaí, cartáin – iarr ar do bhailitheoir fhuíoll nó ar do Chomhairle áitiúil le haghaidh breis sonraí.
- BITH-FHUÍOLL mar fhuíoll bia/gairdín.

Eolas Ginearálta

- Ná fág do Araid Donn, do Araid Athchúrsála nó do Araid Bhruscair Ginearálta amach le haghaidh bhailiúchán roimh 6 i. n. an tráthnóna roimh an lá socruithe dá bailiú.

- Tabhair isteach do araid(í) laistigh de 12 uaire chloig ón am socruithe dá bailiú.
- Tabhair isteach aon fhuíoll nach bhfuil bailithe laistigh de 12 uaire chloig ón am socruithe don mbailiúchán.
- Ná fág fuíoll i málaí in aice leis an araid
- Ná líon na h-araidí thar maoil agus deimhnigh gur féidir leis an gclúdach dúnadh
- Is é **DO** chúram-sa féin é deimhin a dhéanamh de go bhfuil d'fhuíoll á bhailiú ag bailitheoir fuíoll údaraithe — faigh amach an bhfuil ceadúnas Bailiúchán Fuíll acu.

Le haghaidh bhreis eolais, déan teagmháil le do Chomhairle áitiúil

Comhairle Chontae Uíbh Fháilí • Fón: 057 93 57403 • www.offaly.ie

Comhairle Chontae Laoise • Fón: 057 86 74318 • www.laois.ie

Comhairle Chontae Longfort • Fón: 043 3343451 • www.longfordcoco.ie

Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh • Fón: 067 44786 • www.tipperarynorth.ie

Comhairle Chontae na hIarmhí • Tel: 044 93 32226 www.westmeathcoco.ie

Eolas Ginearálta

Comhairle Chontae Uíbh Fháilí

Comhairle Chontae Laoise

Comhairle Chontae Longfort

Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh

Comhairle Chontae na hIarmhí

Preas Bhrosna Dearadh Cruthaitheach & Priontáil 090 6454327

Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte

Cad is féidir liom a chur isteach san Araid Donn? Do cheisteanna freagartha

Fuíoll Bia, Bia as dáta, Málaí Tae, Meilte Caife

Bláthanna Gearrtha, Fuílligh Plandaí, Duilleoga, Féar Gearrtha , Sean-Phlandaí, Caonach, Fiailí (nach raibh spréite le fial-nimh)

Tuáillí Páipéir, Naipcíní, Scagairí

Anraithí, Anlainn, Uibheacha & Déirí

Arán, Cístí & Brioscaí

Feoil, Iasc, Éineoil & Cnámha

Torthaí & Glasraí

An gcaithfidh mé Araid Donn a thógáil?

- CAITHFIDH TÚ – faoi na Fo-Dhlite, caithfidh gach teaghlach go bhfuil seirbhís bhailiúcháin ó dhoras go doras acu glacadh le Araid Donn óna mbailitheoir fuíll.
- Má theipeann ort Araid Donn a úsáid d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh fíneáil eisithe duit faoi na pionóis atá leagtha amach sna Fo-Dhlite.

Cén fáth gur chóir Araid Donn a úsáid?

- Trí Araid donn a úsáid, beidh fuíoll mar bia agus fuíoll gairdín curtha ar aghaidh le haghaidh múirín a dhéanamh in ionad é a chur chuig líonadh talún.
- Beimid ag braith níos lú ar líonadh talún agus cabhróidh sé leis na spriocanna athchúrsála.

Cad a chosnóidh sé?

Faoi na Fo-Dhlite, caithfidh do bhailitheoir athchúrsáil ar fhuíoll a spreagadh trí:

- Táille níos lú a thairiscint chun d'araid athchúrsála agus do Araid Donn a bhailiú ná táille araid bhruscair ghinearálta.
- Córas díol-de-réir-úsáid a thairiscint mar díol de réir lipéad, díol de réir ardaithe nó díol de réir meáchain.
- Ní chóir bille a bheith tugtha ag do bhailitheoir fuíll duit trí mhí roimh thosú na seirbhíse.

Cathain a fhágaim mo Araid Donn amach?

- Cuirfidh do bhailitheoir fuíoll in iúl duit faoi dháta Bailiúcháin do Araide Doinne.

Cad a tharlaíonn mura n-úsáidim bailitheoir fuíoll?

Má thógann tú d'fhuíoll teaghlaigh go h-áis líonadh talún údaraithe in ionad úsáid a bhaint as do bhailitheoir fuíoll údaraithe, caithfidh tú deimhin a dhéanamh de:

- Go bhfuil gloine agus ábhar in-athchúrsáilte athchúrsáilte.
- Caithfidh bith-fhuíoll (ná fuil múirín déanta as i do bhaile féin) a bheith tugtha go h-áis údaraithe.

X Ní chóir dos na hábhair thuasluaite a bheith i measc fhuílll ghinearálta.

Cad a tharlaíonn má dhéanaim múirín baile?

- Caithfidh tú fós an codán cócarála d'fhuíoll cistine a bheith seachanta ó líonadh talún agus ní féidir é a chur isteach i do araid bhruscair ghinearálta.